Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**10886/25**

**LIMITE**

**CORLX 695**
**CFSP/PESC 1026**
**COMET 38**
**COTER 111**
**FIN 773**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385
lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/385[1].

(2) Sna conclúidí uaithi an 26 Meitheamh 2025, d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh oibre ar bhearta sriantacha i gcoinne Hamas.

(3) Tá Hamas fós ina bhagairt ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Is ionann a ghníomhaíochtaí foréigneacha agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus ar an dlí um chearta an duine. Is é Biúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') príomhchomhlacht cinnteoireachta an ghrúpa agus cinneann sé a bheartais shóisialta, pholaitiúla agus mhíleata. Go háirithe, tá sciathán míleata Hamas (Hamas-Izz al-Din al-Qassem) faoi réir na mbeartas ginearálta arna gcinneadh ag an Politburo agus tá dílseacht don Politburo geallta go seasta aige. Ina theannta sin, tá eolas ag comhaltaí den Politburo ar phleanáil, ar ullmhú agus ar chur i gcrích ghníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. Déanann siad na gníomhaíochtaí foréigneacha sin a chur chun cinn, a chosaint agus údar a thabhairt leo freisin, agus is minic iad ag bagairt go poiblí nó ag tabhairt rabhadh faoi iompar comhchosúil amach anseo. Dá bhrí sin, measann an Chomhairle go bhfuil ról suntasach ag comhaltaí den Politburo i bpróiseas cinnteoireachta Hamas agus go bhfuil tionchar suntasach acu ar ghníomhaíochtaí Hamas, lena n-áirítear a ghníomhaíochtaí foréigneacha. Dá bhrí sin, is orthusan atá an fhreagracht fhoriomlán as na gníomhaíochtaí sin.

[1] Cinneadh (CBES) 2024/385 ón gComhairle an 19 Eanáir 2024 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin (IO L, 2024/385, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/385/oj).



PUBLIC

(4) Chun srian a chur le gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas, measann an Chomhairle gurb iomchuí foráil a dhéanamh do bhearta sriantacha i bhfoirm srianta taistil ar chomhaltaí den Politburo, agus reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha uile ar le comhaltaí den Politburo iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú. Níor cheart do chomhaltaí den Politburo a bheith faoi réir na mbeart sriantach sin, áfach, má tá faisnéis leordhóthanach ann a léiríonn nach n-imríonn siad tionchar ar na gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas.

(5) Is iomchuí teideal Chinneadh (CBES) 2024/385 a leasú.

(6) Is iomchuí freisin deichniúr a chur le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/385.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/385 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Cinneadh (CBES) 2024/385 ón gComhairle an 19 Eanáir 2024 lena mbunaítear bearta sriantacha i gcoinne Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne agus ina gcoinne siúd a thacaíonn lena ngníomhaíochtaí foréigneacha, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin’;

(2) in Airteagal 1, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun teacht isteach ina gcríocha, nó idirthuras trína gcríocha, a chosc i gcás daoine nádúrtha ar comhaltaí iad de Bhiúró Polaitiúil Hamas (‘Politburo’), mar a liostaítear san Iarscríbhinn.

1b. Ní dhéanfar comhaltaí den Politburo a áireamh ná a choinneáil ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas san Iarscríbhinn má tá faisnéis leordhóthanach ann a léiríonn nach n-imríonn siad tionchar ar na gníomhaíochtaí foréigneacha arna ndéanamh ag Hamas.’;

PUBLIC

(3) leasaítear Airteagal 2 mar seo a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘1. Gach ciste, sócmhainn airgeadais agus acmhainn eacnamaíoch eile ar le nó atá faoi úinéireacht nó faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, daoine nádúrtha nó dlíthiúla, grúpaí, eintitis agus comhlachtaí:’;

(b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘1a. Gach ciste, sócmhainn airgeadais agus acmhainn eacnamaíoch eile ar le nó atá faoi úinéireacht nó faoi rialú, go díreach nó go hindíreach, daoine nádúrtha ar comhaltaí den Politburo iad, mar a liostaítear san Iarscríbhinn, déanfar iad a reo.

1b. Ní dhéanfar comhaltaí den Politburo a áireamh ná a choinneáil ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas san Iarscríbhinn má tá faisnéis leordhóthanach ann a léiríonn nach n-imríonn siad tionchar ar na gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas.’.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/385 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/385, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis faoin bhfo-cheannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘13. | Nizar Mohammed AWADALLAH<br>ar a dtugtar freisin<br>Nizar Bin Mohammed AWADALLAH;<br>Nazar Muhammad Mahmud AWADALLAH | Dáta breithe: 11.12.1957<br>Áit bhreithe: Cathair Gaza, Gaza<br>Náisiúntacht: Palaistíneach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais náisiúnta na Palaistíne: 931005433<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas (‘Politburo’) | Tá Nizar Mohammed Awadallah ina chomhalta den Politburo ó 2009 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 14. | Mohammad NAZZAL<br>ar a dtugtar freisin<br>Muhammad Essam Rizk Abdul RAHMAN | Dáta breithe: 1963<br>Áit bhreithe: Amman, an Iordáin<br>Náisiúntacht: Iordánach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais náisiúnta na hIordáine: 9631022654<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Tá Mohammad Nazzal ina chomhalta den Politburo ó 1996 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |
| 15. | Husam BADRAN<br>ar a dtugtar freisin<br>Hossam BADRAN;<br>Husam Ataf Ali BADRAN;<br>Husam Atif All BADRAN;<br>Hussam BADRAN | Dáta breithe: 11.1.1966<br>Áit bhreithe: Nablus (an Bruach Thiar)<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Tá Husam Badran ina chomhalta den Politburo ó 2017 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 16. | Khaled MASHAL<br>(خالد مشعل) | Dáta breithe: 28.5.1956<br>Áit bhreithe: Silwad, Ramallah (an Bruach Thiar)<br>Náisiúntacht: Palaistíneach<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo'); comhalta de Choiste Ceannaireachta Sealadach Hamas | Is comhalta den Politburo é Khaled Mashal. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |
| 17. | Khalil AL-HAYYA<br>(خليل الحية) | Dáta breithe: 1960<br>Áit bhreithe: Gaza<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo'); comhalta de Choiste Ceannaireachta Sealadach Hamas; Leas-Cheann bhiúró réigiúnach Hamas in Gaza | Tá Khalil Al-Hayya ina chomhalta den Politburo ó 2016 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 18. | Muhammad Ismail DARWISH<br>ar a dtugtar freisin<br>Abu Omar Hassan<br>(أبو عمر حسن,) | Áit bhreithe: An Liobáin<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo'); comhalta de Choiste Ceannaireachta Sealadach Hamas; Ceann chomhlacht comhairleach Hamas, Comhairle Shura | Is comhalta den Politburo é Muhammad Ismail Darwish. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |
| 19. | Zaher JABARIN<br>(زاهر جبارين)<br>ar a dtugtar freisin<br>Zaher JABAREEN<br>(زاهر جبارين) | Dáta breithe: 18.9-1968<br>Áit bhreithe: Salfit (an Bruach Thiar)<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo'); comhalta de Choiste Ceannaireachta Sealadach Hamas; Ceann bhiúró réigiúnach Hamas ar an mBruach Thiar | Tá Zaher Jabarin ina chomhalta den Politburo ó 2021 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.



PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 20. | Abu Khalil AL-QUDS<br>أبو خليل القدس | Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Tá Abu Khalil al-Quds ina chomhalta den Politburo ó 2021 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |
| 21. | Fathi HAMAD<br>فتحي حماد<br>ar a dtugtar freisin<br>Fathi Ahmad HAMMAD, Fathy Ahmed HAMAD | Dáta breithe: 1961<br>Áit bhreithe: Jabaliya, Gaza<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Tá Fathi Hamad ina chomhalta den Politburo ó 2017 i leith. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis Aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 22. | Moussa ABU MARZOUK<br>موسى أبو مرزوق<br>ar a dtugtar freisin<br>Mousa Mohammed ABU MARZOOK, Musa Abu MARZUK, Sa'id ABU-MARZUQ | Dáta breithe: 9.2.1951<br>Áit bhreithe: Gaza<br>Inscne: fireann<br>Feidhm: comhalta de Bhiúró Polaitiúil Hamas ('Politburo') | Is comhalta den Politburo é Moussa Abu Marzouk. Mar chomhalta den chomhlacht cinnteoireachta sin, tá sé freagrach as gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas. | [+]'. |

PUBLIC

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.